


NUACHTLITIR AN TSAMHRAIDH



Meánscoil Gharman

DÁTAÍ TÁBHACHTACHA-IMPORTANT

DATES

Scrúduithe Stáit 7/6- 23/6

Athoscailt na scoile 28/8/17



D'éirigh leis na "Cailíní Binne" ó Mhéanscoil Gharman agus bhí an bua acu sa rannóg 'Amhránaíochta Comhaimseartha le féintionlacan' sa chomórtas Scléip i mbliana. Seo a gcéad uair sa chomórtas seo agus ba mhór an éacht é! D'éirigh le Jade Buttle agus le Cúnamh an chraobh a shroicint freisin ach ní raibh an tádhdh leo ar an lá ach rinne siad an jab. Comhghairdeas leo go léir.



Lucht na hidirbhliana agus a ngúnaí "Junk Koutour" sa Ferrycarrig i mí Eanáir. D'éagraigh siad agus chuir siad seo iontach ar an stáitse. Oíche den scoth a bhí ann. D'éirigh le Sonia i ngúna Ethan agus Séan an chraobh a shroicint sa 3 Arena. Éacht den scoth.




In March as part of the annual "Seachtain na Gaeilge" celebrations we received an invite for two of your students to attend celebrations in the European Parliament in Brussels. In order to be considered interested students had to submit an essay on why they wanted to go on this trip. Faoi dheireadh roghnaíodh David Mulligan agus Mel Ó Súird from 5th year. While in Brussels the ambassadors from MSG saw the European Union and met other students from around the country. "Bhain me an taitneamh as an turas agus mholfainn é go hard na spéire" Mel Ó Súird



Comórtas Náisiúnta Gairme

Tugadh cuireadh d’Fhionn Mac Siúrdán agus Niamh Nic Ghiolla Bhríde dul go dtí an Roinn Oideachais ar an 10 Bealtaine chun buaileadh leis an Aire Oideachais Richard Bruton toisc gur ghlac siad páirt i gComórtas Náisiúnta Gairme. D’éirigh le Fionn an tríd áit a bhaint amach agus fuair Niamh ardmholadh. Bhí lá speisialta ag gach duine.



Eolaí Óg

Fuair Níamh Tennant agus Olivia Morris Nolan an deis chun a dtionscnamh eolaíochta a thaispeáint sa chomórtas Eolaí Óg 2017. Chruthaigh siad aip chun úsáid na Gaeilge a mhéadú i measc daoine óga. D’éirigh go hiontach leo san RDS agus bhain siad teastas ardmholadh amach.



Ambasadóirí na Scoileanna Glasa

I mbliana, chuir roinnt daoine ón Idirbhliain isteach ar an gcomórtas ‘Ambasadóir na Scoileanna Glasa’. As na hiontrálacha go léir roghnaíodh Seán Marshall, Ethan Butler agus Olivia Morris Nolan ón idirbhliain a bheith mar ambasadóirí. Chuamar go cruinniú i mBaile Átha Cliath agus léirigh cainteoirí an tábhacht a bhaineann le caomhnú uisce. Bhí orainn na daltaí sa scoil a chur ar an eolas faoi bhealaí chun uisce a shábhail. Chabhraigh sé seo go mór leis an scoil mar bhíomar ag obair ar an téama ‘uisce’ chun an chéad bhratach ghlas eile a bhaint amach. D’eagraíomar lá gorm ar scoil, cruthaíomar rap faoi chaomhnú uisce bunaithe ar "The Fresh Prince of Bel-Air" agus rinneamar taispeántas ar a bhfadhb uisce i Nua-Ghuine Phapua. Ar an 23ú de Mheitheamh, bronnadh An Taisce ár mbratach ghlas nua orainn.



An Ghaelbhratach

Tháinig Andrea Ní Fhaoláin ó Chonradh na Gaeilge go dtí an scoil agus chuir siad agallamh ar an gcoil i Mí Bealtaine. Bhí an-áthas ar bhaint an Choiste Gaeilge nuair a fuair siad amach ó Chonradh na Gaeilge go raibh an Ghaelbhratach bainte amach acu i mbliana arís. Thóg baill Chonradh na Gaeilge fillteán an choiste leo agus d’fhéach siad ar bhlag na scoile. Tar éis dianstaidéa dhéanamh ar obair an choiste chun Gaeilge a spreagadh ní amháin sa scoil i mbliana ach i measc an phobail agus sa cheantar, rinne siad an cinneadh chun a bhratach a bhronnadh orthu arís. Chuaigh siad go searmanas i mBaile Átha Cliath ar an Luan agus bhronn Eoghan Mc Dermott an bhratach ar Abbie Kennedy agus Jade Buttle.

Creative Engagement

I mbliana d'aistrigh lucht na hidirbhliana "Stubborn Love" ó The Lumineers, rinne siad taifead ar an amhrán agus chruthaigh siad fíís chun dul leis. Cheap siad go raibh fadhbanna daoine óga go mór i mbéal an phobail faoi láthair agus bhí siad ag iarraidh an físeán a chrúthú ar ábhar cosúil le brú ar scoil agus strus. An tseachtain seo caite tháinig Brendan Carthy ó Orchard Recording agus chaith siad an lá ag déanamh taifid ar an amhrán. Seo an táirge deiridh. Caithigí súil air agus roinn an nasc le bhur gcáirde <https://www.youtube.com/watch?v=83baTraCSYw>



Roimh an Nollaig, d'imigh 14 dalta, ó bhliain 2 agus an idirbhliain chuig an Institiúid Teicneolaíochta i bPort Láirge. Rinne beirt chócaire proifisiúnta taispeántais chócaireachta, agus mhínigh siad an comórtas 'The Apprentice Chef' dúinn. Roghnaigh gach duine mias agus d'fhorbair siad iad le cabhair ó dhuine proifisiúnta. D'oibrigh an cócaire Mark Doe linn. Scríobhamar leabhrán faoi na comhábhair agus na cothaithe sa mhias. Bhí na leabhráin seo seolta ar aghaidh chuig an gcomórtas agus as na cinn go léir a bhí seolta roghnaíodh triúir ó Mheánscoil Gharman (Sarah Bolger, Rosie Whelehan agus Peig Busher O' Sullivan) chun dul chuig na "Cook Offs" (an leathcheannais den chomórtas). Ansin d'éirigh le beirt dul chuig an gceab i dTrá Lí: Peig Busher O' Sullivan agus Rosie Whelehan. Ar an drochuair, ní raibh an bua againn, ach fós taithí iontach a bhí ann!! Fuaireamar teastas agus clár mionghearrtha speisialta. Bhaineamar an-taitneamh as. Tá a lán inspioráide againn don bhliain seo chugainn



Ceannairí Meithil

Bhí bronnadh na nduaiseanna do na ceannairí Meithil sa Chomhairle Contae ar an 26 Aibreán. Bhronn Ceannaire na Comhairle Contae teastas ar Hazel Duggan, Joe Harris, David Mulligan, Sinéad Kinsella, Róisín De rúit agus Lauryn Muiris Ní Nuailain. Bhí Katie Ní Fhaoláin agus Patrick Duignan mar ionadaithe na céad bliaina. Maith sibh!

An Coiste Gaeilge

Bhí an coiste gaeilge an-ghnóthach i mbliana le seachtain na gaeilge. Bhí sé tábhachtach dúinn an ócáid speisialta seo a cheiliúradh ní amháin sa scoil ach taobh amuigh den scoil freisin agus iarracht a dhéanamh an teanga a spreagadh sa cheantar. Chuaigh ceoltóirí agus lucht an choiste go teach altranais i Loch Garman mar chuid den cheiliúradh. D'éagraigh siad maidin spóirt sa bhunscoil i nDroichead an Chaisleáin. Chomh maith leis sin, chruthaigh lucht an choiste "Radio" don choicís, d'eagraigh siad cluichí agus ceilí leis an gcéad bhliain, lá dearfach, lá glas agus tráth na gceist. Ghlac ceoltóirí ón scoil páirt i gceolchoirm a bhí ar siúl ar an tsráid i Loch Garman freisin. Is féidir libh súil a chaitheamh ar a gcuid oibre anseo <http://meanscoilgharman.com/news/an-coiste-gaeilge-i-mbliana/> <http://meanscoilgharman.com/news/coicis-na-gaeilge/>



YSI SPEAKOUT



CORN RUGBAÍ NA MBAN



LONDAIN



BUILD A BANK



GAISCE



Tá scoilbhliain eile beagnach imithe anois agus daltaí Mheánscoil Gharman ag tnúth go mór le laethanta saoire an tSamhraidh. Chuireamar isteach bliain eile an-mhaith a bhfuil leis an obair chrua go léir a bhí ar siúl. Guím gach rath ar na daltaí i mbliain 6 agus 3 a bheidh ag tabhairt faoi na Scrúduithe Stáit go luath. Tá súil agam go n-éireoidh go maith leo agus go mbeidh siad sásta leis na torthaí nuair a thagann siad amach san Fhómhar.

Bíodh samhradh sábháilte, sona agaibh go léir agus le cúnadh Dé beidh an aimsir go maith!

Ar an 15 Bealtaine chuaigh dháréag ón Idirbhliain le beirt mhúinteoir go Cill Ceannaigh i gcomhair Oíche amháin chun ár nGaisce a bhaint amach. Chuamar ag cadhcáil ar an mBearú, agus bhaineamar go léir an taitneamh as. Shroiceamar Gráig na Manach an Oíche sin bhíomar go léir tuirseach tar éis an lá a chaitheamh ar an abhainn. Bhí dinnéar againn agus ligeamar ár scíth don oíche. Bhí an-chrac againn leis na múinteoirí agus fuairamar amach gur ghrúpa fíor iomaíoch iad. Ansin chuamar go léir a choladh agus d'éiríomar go luath sa halla gásóga agus chuamar ar ais ar an abhainn. Turas den scóth a bhí ann agus bhaineamar go léir ár nGaisce amách.

Peig Busher O' Sullivan